

<b>Preasráiteas</b>	<b>Tuilleadh eolais:</b>	<b>*Leagan Béarla ar lch. 4</b>
Press Release	<a href="mailto:gaeilgeiorrais@gmail.com">gaeilgeiorrais@gmail.com</a>	<b>English summary on pg 4.</b>
08.07.2024	<b>097-29023</b>	

## **Lá mór ag páistí Ghaeltacht Iorrais agus ag Craobh Chlann Lir Iorrais ag Fleadh Cheoil Chonnacht 2024**

Ba mhaith le Gaeilge Iorrais comhghairdeas ó chroí agus bualadh bos mór millteach a thabhairt do chuile dhuine óg ón nGaeltacht seo a ghlac páirt i bhFleadh Cheoil Chonnacht i mBéal na mBuillí, contae Ros Comáin ar an 6 Iúil 2024.

Cháiligh 12 duine óg as Iorras ó Fhleadh Mhaigh Eo i mí Bealtaine (as 29 iomaitheoir ar fad ó Ghaeltacht Iorrais):, Aoibhinn Ní Mhonacháin, Cara Ní Ghiollabháird, Conor Maguidir, Éabha Healy, Eimear de Róiste, Fionn Ó hIarbháin, Jamie Ó Ciaráin, Lauryn Ní Fhearghaill, Miya Ní Ghuidhir, Muireann Nic Aindriú, Nell Ní Mhongáin agus Ruby Ní Ghiollabháird.

Ghlac beirt bhuachaillí agus ochtar cailíní (is é sin deichniúr óg ó CCÉ Craobh Chlann Lir i nGaeltacht Iorrais) páirt i 10 gcomórtas éagsúla ag Fleadh Chonnacht (amhránaíocht ar an sean-nós, comhrá Gaeilge, scéalaíocht agus ceol uirlise) in aoisghrúpaí difriúla (ó aois 8 go 13 d'aois) agus réimse maith acu ann ó rang a haon sa bhunscoil go bliain a haon san iarbhunscoil. Comhghairdeas le chuile hiomaitheoir ón nGaeltacht seo; Aoibhinn Ní Mhonacháin, Cara Ní Ghiollabháird, Éabha Healy, Eimear de Róiste, Fionn Ó hIarbháin, Jamie Ó Ciaráin, Miya Ní Ghuidhir, Muireann Nic Aindriú, Nell Ní Mhongáin agus Ruby Ní Ghiollabháird. Tá moladh mór millteach ag dul do na daoine óga seo go léir, mar aon lena gcuid tuismitheoirí agus a gcuid múinteoirí scoile, amhránaíochta agus ceoil as a gcuid tacaíochta agus spreagtha. Nár laga Dia iad.

Tugann ócáidí cosúil le fleadhanna deiseanna do na páistí cur lena gcuid foghlama agus forbartha sna healaíona traidisiúnta teangabhunaithe, chomh maith le tógáil ar a gcuid féin-mhuiníne agus a scileanna chur i láthair. Deis iontach a bhí ann, leis sin, saibhreas agus oidhreacht na Gaeltachta seo a léiriú. Ardú croí ar fad a bhí ann a bheith ag éisteacht leofa go léir agus cuid acu ag canadh leaganacha áitiúla d'amhráin mhóra na

· Gaeilge Iorrais · f/ch Chomharchumann Ionad Deirbhile · An Eachléim · Co. Mhaigh Eo ·

Tá Gaeilge Iorrais maoinithe ag Údarás na Gaeltachta ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán faoin bpróiseas pleanála teanga sa Ghaeltacht.

Gaeltachta seo go binn (amhráin cháiliúla cosúil le Sail Óg Rua, Cúirt Bhaile Nua, Liam Ó Raghallaigh, Brigid Ní Mháille, Sadhbh Ní Mhonghaile ina measc) agus amhráin thraidisiúnta eile cosúil le hAmhrán na Sméara, Teanga Bhinn Ár Máthar, The Widow from Mayo, Behind the Hills of Nephin, The Mountains of Pomeroy ina measc.

D'éirigh thar cionn le fonnadóirí óga na Gaeltachta seo agus 7 nduais ar fad tugtha leofa ag óige Iorrais i gcomórtais amhránaíochta ar an sean-nós;

- Bhuaigh Nell Ní Mhongáin (SN Dhumha Thuama & CCÉ Chraobh Chlann Lir) an chéad áit sa chomórtas amhránaíochta ar an sean-nós (mná faoi 12 bliain) agus an dara háit sa chomórtas amhránaíochta i mBéarla (mná faoi 12 bliain).
- Bhain Cara Ní Ghiollabháird (SN na hEachléime & CCÉ Chraobh Chlann Lir) an tríú háit sa chomórtas amhránaíochta ar an sean-nós (mná faoi 12 bliain).
- Fuair Aoibhinn Ní Mhonacháin (Coláiste Bhreandáin Naofa, Béal an Mhuirthead & CCÉ Chraobh Chlann Lir) an tríú háit sa chomórtas amhránaíochta ar an sean-nós (mná 12 - 15 bliain).
- Bhain Fionn Ó hIarbháin (SN na hEachléime & CCÉ Chraobh Chlann Lir) an dara háit sa chomórtas amhránaíochta ar an sean-nós (fir faoi 12 bliain).
- Bhuaigh Jamie Ó Ciaráin (SN Chorrchloch & CCÉ Chraobh Chlann Lir) an chéad áit sa chomórtas amhránaíochta ar an sean-nós (fir 12 - 15 bliain) agus an chéad áit sa chomórtas amhránaíochta i mBéarla (fir 12-15 bliain).

Bhí lá maith ag cainteoirí óga Ghaeilge Iorrais chomh maith. Beidh triúr ag dul ar aghaidh sa chomórtas comhrá Gaeilge in aoisghrúpaí difriúla. Nach iontach go deo iad;

- Roghnaíodh Ruby Ní Ghiollabháird (SN na hEachléime & CCÉ Chraobh Chlann Lir) agus Eimear de Róiste (SN na hEachléime agus CCÉ Craobh Chlann Lir) le dul ar aghaidh sa chomórtas comhrá Gaeilge faoi 9. D'éirigh le hEimear de Róiste an tríú háit a bhaint sa chomórtas scéalaíochta (faoi 12) chomh maith, leis an scéal áitiúil 'Domhnall Dualbhuí.'
- Beidh Muireann Nic Aindriú (SN Cheathrú Thaidhg agus CCÉ Craobh Chlann Lir) ag dul ar aghaidh sa chomórtas comhrá Gaeilge (9 – 11).

· Gaeilge Iorrais · f/ch Chomharchumann Ionad Deirbhile · An Eachléim · Co. Mhaigh Eo ·

Tá Gaeilge Iorrais maoinithe ag Údarás na Gaeltachta ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán faoin bpróiseas pleanála teanga sa Ghaeltacht.

Is mór againn tallann na bpáistí go léir agus a gcuid rannpháirtíochta ar ardchaighdeán a cheiliúradh. Bhí siad uilig ar fheabhas agus bhí iomaíocht an-ghéar ar an lá. Lá mór a bhí ann i saol na ndaoine óga seo agus 11 duais ar fad tugtha leofa ag iomaitheoirí óga Iorrais. Is mian linn na héachtaí ar fad a thréaslú leofa agus muid ag súil go mór le tuilleadh a chloisteáil uathu uilig (bíodh sin agus iad ag gabháil fhoinn, i mbun scéalaíochta, ag comhrá Gaeilge nó ag ceol).

Ba mhaith linn ardmholadh agus buíochas speisialta a ghabháil leis an múinteoir amhránaíochta, Síle Uí Mhongáin, atá ag tabhairt faoi chlár amhránaíochta ar an sean-nós i scoileanna Gaeltachta Iorrais le díograis agus le dúthracht agus a bhuí le tacaíocht ó scéim Neartú Ealaín na Gaeltachta atá á comhordú ag Gaeilge Iorrais ó 2020 agus muid ag obair i gcomhar le bunscoileanna Gaeltachta an cheantair.

Guíonn Gaeilge Iorrais chuile rath agus sonas ar an seisear óg ó Ghaeltacht Iorrais a bheidh ag dul ar aghaidh ar son CCÉ Chraobh Chlann Lir Iorrais chuig Fleadh Cheoil na hÉireann i mí Lúnasa. Beidh ceiliúradh speisialta ag Gaeilge Iorrais sa bhaile do na hiomaitheoirí go léir ar an 14 Lúnasa.

### **Nóta maidir le Scéim Neartú (Ealaín na Gaeltachta)**

Tá cothú agus cur chun cinn na n-ealaíon dúchasach i measc na hóige sa Ghaeltacht ar cheann de na bearta atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaíochta don Ghaeilge 2018-2022 agus sa Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge.

Tá Ealaín na Gaeltachta (comhpháirtíocht idir Údarás na Gaeltachta agus An Chomhairle Ealaíon) ag comhoibriú le Roinn na Gaeltachta leis an mbeart seo a chur i bhfeidhm tríd an gclár Cuisle - Scéim Neartú san áireamh.

Tá súil ag Gaeilge Iorrais leanúint leis an gclár amhránaíochta ar an sean-nós sna 7 mbunscoil Ghaeltachta in Iorras agus a bhuíochas leis an tacaíocht ó Ealaín na Gaeltachta faoin gclár Cuisle (scéim Neartú). Bhí breis agus 230 páiste bunscoile rannpháirteach ann le linn 2023/24.

## **Great day for children from Gaeltacht Iorrais at Fleadh Cheoil Chonnacht**

Gaeilge Iorrais would like to offer heartiest congratulations and a huge round of applause to all the young people from CCÉ Clann Lir Iorrais in our Gaeltacht area that took part in *Fleadh Cheoil Chonnacht* on 6<sup>th</sup> July 2024 in Strokestown.

12 qualified at *Fleadh Mhaigh Eo* to progress to this provincial event from a total of 29 CCÉ Clann Lir Iorrais competitors: Aoibhinn Ní Mhonacháin, Cara Ní Ghiollabháird, Conor Maguidir, Éabha Healy, Eimear de Róiste, Fionn Ó hIarbháin, Jamie Ó Ciaráin, Lauryn Ní Fhearghaill, Miya Ní Ghuidhir, Muireann Nic Aindriú, Nell Ní Mhongáin and Ruby Ní Ghiollabháird.

A total of two boys and eight girls took part in 10 distinct competitions across different age groups at this event (*sean-nós* singing, comhrá Gaeilge, storytelling and traditional music). These ten young members from Clann Lir branch in Gaeltacht Iorrais range in age from 8 to 13 years old and are currently in various classes from 1st class in Scoil Bhreandáin, Eachléim to 1st year in Coláiste Bhreandáin Naofa Béal an Mhuirthead.

Huge congratulations to all competitors from our Gaeltacht area; Aoibhinn Ní Mhonacháin, Cara Ní Ghiollabháird, Éabha Healy, Eimear de Róiste, Fionn Ó hIarbháin, Jamie Ó Ciaráin, Miya Ní Ghuidhir, Muireann Nic Aindriú, Nell Ní Mhongáin agus Ruby Ní Ghiollabháird. All these young people, together with their parents, their schoolteachers, music and singing teachers, deserve huge praise. Nár laga Dia iad!

Events such as *fleadhanna* give children opportunities to further their learning and development in traditional and Irish language-based arts, as well as building on their self-confidence and performance skills. It also offers a great opportunity to showcase the rich linguistic and musical heritage of our Erris Gaeltacht area.

The young *sean-nós* singers from our Gaeltacht area were very successful on the day and won a total of 7 prizes in 6 *sean-nós* singing competitions.

- Nell Ní Mhongáin (SN Dhumha Thuama & CCÉ Chraobh Chlann Lir) took first place in the under-12 girls *sean-nós* singing competition and also second place in under-12 girls English singing competition.
- Cara Ní Ghiollabháird (SN na hEachléime & CCÉ Chraobh Chlann Lir) took third place in the under-12 girls *sean-nós* singing competition.
- Aoibhinn Ní Mhonacháin (Coláiste Bhreandáin Naofa, Béal an Mhuirthead & CCÉ Chraobh Chlann Lir) was awarded third place in the ladies 12-15 year old *sean-nós* singing competition.
- Fionn Ó hIarbháin (SN na hEachléime & CCÉ Chraobh Chlann Lir) secured second place in the *sean-nós* singing competition for under 12 year old boys).

· Gaeilge Iorrais · f/ch Chomharchumann Ionad Deirbhile · An Eachléim · Co. Mhaigh Eo ·

Tá Gaeilge Iorrais maoinithe ag Údarás na Gaeltachta ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán faoin bpróiseas pleanála teanga sa Ghaeltacht.

- Jamie Ó Ciaráin (SN Chorrchloch & CCÉ Chraobh Chlann Lir) secured a double first in the men's 12-15 year old *sean-nós* singing competition and also in the English singing competition for the same age group.

It was truly heart-warming to listen to these children singing local versions of renowned songs from our Gaeltacht area (songs such as *Sail Óg Rua*, *Cúirt Bhaile Nua*, *Liam Ó Raghallaigh*, *Brigid Ní Mháille*, *Sadhbh Ní Mhonghaile*) and other traditional songs (including songs such as *Amhrán na Sméara*, *Teanga Bhinn Ár Máthar*, *The Widow from Mayo*, *Behind the Hills of Nephin*, *The Mountains of Pomeroy*).

The young Irish speakers of CCÉ Clann Lir Iorrais had a great day also, in age-groups ranging from 1<sup>st</sup> to 4<sup>rd</sup> class and were successful in the Irish language conversation competition (*an comórtas comhrá Gaeilge*). Three children now progress to the next round as part of *Fleadh Cheoil na hÉireann* in Wexford in August. *Nach iontach go deo iad.*

- Ruby Ní Ghiollabháird (SN na hEachléime & CCÉ Chraobh Chlann Lir) and Eimear de Róiste (SN na hEachléime and CCÉ Craobh Chlann Lir) were selected to go forward in the under 9 Irish conversation competition. Eimear de Róiste also took third place in the storytelling competition (for under 12s) with the legendary local tale of 'Domhnall Dualbhuí.'
- Muireann Nic Aindriú (SN Cheathrú Thaidhg & CCÉ Chraobh Chlann Lir) will be going forward in the Irish conversation competition (9 – 11).

We are delighted to celebrate the great level and standard of participation and indeed all these talents and achievements. We look forward to hearing much more singing, storytelling, *comhrá Gaeilge* and music from each of these talented young people.

We would also like to give special thanks and praise to the *sean-nós* singing teacher, Síle Uí Mhongáin, who is undertaking a *sean-nós* singing program in Gaeltacht scheme schools in Erris with enthusiasm and dedication. This *sean-nós* singing program is funded by *Ealaín na Gaeltachta* Neartú scheme which is coordinated by Gaeilge Iorrais since 2020 in co-operation with Gaeltacht schools in Erris.

Gaeilge Iorrais would like to congratulate each competitor from our Gaeltacht area once again. It was a momentous day for CCÉ Clann Lir of Gaeltacht Iorrais last Saturday and a total of 11 prizes awarded to local children.

Gaeilge Iorrais would also like to wish the 6 qualifying children from Erris every success and happiness as they progress to *Fleadh Cheoil na hÉireann* in August. Gaeilge Iorrais will host a homecoming celebration in Belmullet for all participants on Wednesday 14<sup>th</sup> August.